cúla 4

is liomsa é

# Treoirlínte Gaeilge



cúla 4

# Sealbhú agus Saibhriú

Tá Cainéal Cúla4 ag dul ó neart go neart agus tá tóir ag an lucht féachana ar an ábhar atá á sholáthar.  Tá méadú mór tagtha ar an lucht féachana ar Sheinnteoir Cúla4 ó bunaíodh an cainéal nua agus tá 52% de mhúinteoirí ag baint úsáid as ábhar Cúla4 sna scoileanna.

Is rogha féachana i nGaeilge é Cúla4 ag daoine óga ar fud na tíre.

Tá ról tábhachtach ag Cainéal Cúla4 ó thaobh shealbhú agus shaibhriú na Gaeilge agus iarrann muid ar léiritheoirí, ar aistritheoirí agus ar lucht déanta na gcláracha aird a thabhairt ar an gcur chuige seo ó thaobh na teanga.  Tá sé tabhachtach go mbeadh Gaeilge shaibhir, chruinn agus shimplí ina gcuirtear béim ar dhea-fhoghraíocht agus ar shaibhreas canúna sna cláracha.

Lena chois sin, is acmhainn ríthábhachtach an cainéal ag tuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Tá ról ar leith ag an gcainéal maidir leo siúd nach bhfuil Gaeilge sa bhaile acu.

Tá roinnt pointí treorach thíos mar chabhair do lucht léirithe.



cúla 4

# Treoir Scripteanna

## Seachain Aistriúchán Díreach

Seachain aistriúchán díreach ón mBéarla ar scripteanna. Ba cheart go mbeadh saibhreas teanga ag baint leis an ábhar– is é sin go bhfuil dul na Gaeilge ar an ábhar agus nach aistriúchán díreach ón mBéarla atá i gceist.

In amanna déantar aistriúchán díreach ón mBéarla ar scripteanna gan aon chúram a dhéanamh do dhul na Gaeilge. Fágann sin struchtúr an Bhéarla ar an ábhar agus nach bhfuil aon sásamh/saibhriú teanga i gceist don lucht féachana. Baineann aistriúchán/scríobh scripteanna le réim teanga ar leith – ba cheart an t-ábhar a bheith nádúrtha, cruthaitheach agus saibhir sa teanga atá i gceist. Tá cláracha ann (cláracha páistí go háirithe) atá dírithe ar lucht féachana atá fós ag sealbhú na teanga agus is den tábhacht é go mbeadh dul na Gaeilge ar an ábhar a chuirtear ar fáil dóibh, go mbeadh saibhreas teanga i gceist agus nach Béarla i nGaeilge a bheadh ann.

## Cruinneas Teanga

Is gá cúram a dhéanamh do chruinneas teanga/gramadaí san ábhar. Is obair shainiúil ar leith atá i gceist le scripteanna a scríobh/a aistriú agus moltar do chomhlachtaí scríbhneoir/aistritheoir oilte a bhfuil taithí aige sa seánra atá i gceist a fhostú chun tabhairt faoin obair seo. Sa chás go bhfuiltear ag tabhairt faoi scripteanna a aistriú chun cláracha a athghuthú nó scripteanna a scríobh as an nua, ba chóir cruinneas gramadaí agus leanúnachas a chinntiú.

cúla 4

# Réim Teanga

**Teanga shimplí atá sothuigthe dírithe ar an sprioc-aois:**
Is próiseas cruthaitheach é an t-aistriúchán. Is gá aire a thabhairt, ní hamháin do dhul na teanga, ach don réim teanga atá oiriúnach don lucht féachana a bhfuil an clár dírithe air. Tá seo ríthábhachtach don fhoghlaimeoir óg atá fós ag sealbhú na teanga. Smaoinigh ar an aoisghrúpa a bhfuil an clár dírithe air, agus cinntigh go bhfuil an raon teanga in oiriúint don aoisghrúpa sin.  Coinnigh an raon teanga simplí agus sothuigthe don aoisghrúpa ar a bhfuil sé dírithe.



cúla 4

# Treoir maidir le Guthú

## Urlabhraíocht & Foghraíocht

Is mó a ghoilleann drochfhoghraíocht ná drochghramadach ar an lucht féachana.
Moltar do chomhlachtaí, sa chás go bhfostaítear comhairleoir teanga chun súil a choinneáil ar chaighdeán teanga sraithe/léiriúcháin a chinntiú go bhfuil an taithí agus an saineolas cuí ag an té sin ó thaobh gramadaí agus chanúintí na Gaeilge chun treoir mar is ceart a thabhairt don chliar.

## Canúintí

Tá sé ríthábhachtach saibhreas canúintí a bheith le cloisteáil sna cláracha.
Iarrtar ar chomhlachtaí tús áite a thabhairt i gcónaí don chainteoir dúchais/don chainteoir ar ardchaighdeán (ó thaobh cruinnis agus foghraíochta) nuair atá reacaire/scéalaí nó na príomhcharachtair le roghnú.

## Rannpháirtithe

Ní hionann leibhéal teanga aon ghasúr. Tá cuid acu líofa sa teanga, cuid eile acu ag foghlaim agus cuid acu ag déanamh iarracht ar an gcúpla focal. Ba cheart daoine óga a spreagadh a bheith rannpháirteach sna cláracha agus an Ghaeilge atá acu a úsáid agus ba cheart tacaíocht/comhairleoireacht a bheith ar fáil dóibh ar an láthair/sa stiúideó.

cúla 4

# Ag Scríobh

## Coinnigh Simplí é

Déan cúram don téacs aistrithe lena chinntiú go bhfuil sé simplí, intuigthe agus in oiriúint don sprioclucht féachana.

- Seachain an t-aistriúchán lom.
- Aistrigh an teachtaireacht nó an coincheap.
- Má tá an iomarca fóchlasal sa bhunteanga, úsáid cúpla abairt leis an teachtaireacht a chur in iúl sa Ghaeilge.

## Leibhéal Teanga

- Le gach script, is gá go mbeadh an script in oiriúint don sprioc-aoisghrúpa agus go dtacaíonn sí le foghlaim an pháiste. Is minic go mbíonn leibhéal na teanga ró-ard do na luathbhlianta agus do lucht bunscoile.
- Cinntigh le múinteoirí, nó saineolaí eile cuí, go bhfuil an téarmaíocht agus an fhoclaíocht atá in úsáid ag teacht le leibhéal teanga an churaclaim, go háirithe nuair is téarmaíocht nua nó neamhghnách atá i gceist nó téarmaíocht atá sonrach don ábhar idir lámha.
- Meabhraigh go bhfuil athrá tábhachtach do gach foghlaimeoir, go háirithe sna luathbhlianta sa scoil. Treisíonn athrá teanga.
- Nuair is ábhar bunscoile atá i gceist, tá páistí go fóill ag foghlaim na teanga. Úsáid briathra simplí, seachain struchtúir chasta ghramadaí, úsáid an t-ainmfhocal agus seachain an ginideach nuair is féidir, ach sa gcás go bhfuil sé sa chaint nádúrtha. Tá ag páistí na bunfhocail a fhoghlaim ar dtús.

cúla 4

is liomsa é